# Rudaí a chur in Ord Ama

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am<br>Uimhreas – comparáid agus ordú<br>*Comhtháthú – Teanga, Na hEalaíona, OSPS* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna matamaiticiúla - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna agus feidhmeanna matamaiticiúla<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br><br>Comhtháthú agus nascadh – idéanna matamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna foirmiúla matamaiticiúla |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | roimh, tar éis, cuir in ord, ord, seicheamh, laethanta na seachtaine, míonna na bliana, séasúir, amanna an lae |
| **Áiseanna** | cártaí, pictiúir d’imeachtaí an lae, laethanta na seachtaine, míonna na bliana srl. |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarrann an múinteoir ar roinnt daltaí seasamh i líne os comhair an ranga. Déanann siad uimhir, litir, pictiúir, laethanta na seachtaine, míonna na bliana srl. a léiriú. Iarrtar orthu iad féin a chur in ord de réir critéar cuí, m.sh. in ord ardaitheach, in ord íslitheach srl. Ansin, pléann na daltaí na seichimh agus an teanga chuí mhatamaitice in úsáid acu, cosúil le roimh agus tar éis, nó níos mó ná agus níos lú ná.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tabhair páipéar glan nó cártaí do na daltaí ina scríobhann/dtarraingíonn siad a gcuid eachtraí chun iad a chur in ord. Agus teanga an ghnáthaimh laethúil in úsáid acu, cuireann na daltaí na heachtraí in ord de réir a bpointe tagartha féin, m.sh. roimh nó tar éis lóin, roimh nó tar éis na scoile, roimh nó tar éis clár teilifíse. Spreag na daltaí chun teanga chuí mhatamaitice a úsáid agus iad ag cur síos ar a gnáthaimh, m.sh. roimh agus tar éis, ar maidin agus sa tráthnóna.

### 3 Gníomhaíocht 3

Taispeánann an múinteoir an cluiche 'Cé Mise?' do na daltaí. Cuireann sé leideanna ar fáil ionas gur féidir leo uimhir nó am ar leith a oibriú amach. Mar shampla, 'tagann m'uimhir tar éis 10 ach roimh 20', 'tagann m'am roimh thráthnóna Dé hAoine ach tar éis tráthnóna Déardaoin'. Ansin, oibríonn na daltaí i mbeirteanna chun 'Cé Mise' a imirt, roghnaíonn siad a gcuid uimhreacha, amanna agus eachtraí féin.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir a thagann roimh/tar éis x?<br>• Cad é an chéad/dara huimhir/uimhir dheiridh sa seicheamh?<br>• Cé mhéad uimhir a thagann roimh/tar éis x?<br>• Cén eachtra a tharla roimh/tar éis x? | • Conas is féidir linn na heachtraí/na huimhreacha seo a chur in ord?<br>• Déan cur síos ar an straitéis a d'úsáid tú chun do sheicheamh a chruthú.<br>• Déan cur síos ar an gcaoi ar chuir tú d'uimhreacha in ord.<br>• Cad iad na heachtraí eile is féidir leat a chur in ord? |

## Difreáil

Socraigh líon na rudaí sa seicheamh de réir thuiscint na ndaltaí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.